Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6931/24**

**SOC 133**
**EMPL 72**
**SAN 107**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Ida NUMMELIN, comhalta malartach don bhFionlainn, in ionad Erkki AUVINEN, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Erkki AUVINEN éirithe as oifig mar chomhalta malartach den choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (don bhFionlainn).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Fionlainne le teacht in ionad an chomhalta mhalartaigh atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2025:

Ida NUMMELIN
Comhairleoir Sinsearach, Beartas Sóisialta agus Sláinte
Cónaidhm Gairmithe na Fionlainne STTK

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach
den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh ó tharla Erkki AUVINEN a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Fionlainne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
2 IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Ida NUMMELIN ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Erkki AUVINEN ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán